



Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe

An Clár Ábhar

An Réamhrá	5
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	5
Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe	6
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích	6
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh	7
Measúnuithe Rangbhunaithe in Oideachas Reiligiúin	9
Tasc Measúnaithe	10
Measúnuithe Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire	11
Measúnú Rangbhunaithe 1: Duine Tiomanta	12
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Duine Tiomanta	15
Ag ullmhú	15
An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích	16
Cuirfear <i>Duine Tiomanta</i> i gcrích in imeacht trí seachtaine. Oibreoidh an scoláire leis an duine a roghnóidh sé i gceithre chéim gníomhaíochta:	16
An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh	19
Na Gnéithe Cáilíochta: Duine Tiomanta	21
Na chéad chéimeanna eile	23
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	23
Measúnú Rangbhunaithe 2: Tóraíocht bhrí an duine	25
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Tóraíocht bhrí an duine	27
Ullmhúchán	27
An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích	28
Cuirfear <i>Tóraíocht bhrí an duine</i> i gcrích in imeacht trí seachtaine. Cuirfidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe seo i gcrích de réir mar a ghluaiseann sé trí cheithre chéim gníomhaíochta:	28
Na Gnéithe Cáilíochta: Tóraíocht bhrí an duine	31
Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú	34

Aguisín A	36
Aguisín B:	37
Duine Tiomanta: Teimpléad don scoláire le líonadh isteach ar bhonn indibhidiúil má chuir sé tionscadal grúpa i gcrích	37
Aguisín C:	38
Aguisín D	39
Tóraíocht Bhrí an Duine: Teimpléad don scoláire le líonadh isteach ar bhonn indibhidiúil má chuir sé tionscadal grúpa i gcrích	39
Aguisín E Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair Tuairisc an Éascaitheora	40
Aguisín F: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	41

An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí: Treoiríníte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe*,

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme na Measúnuithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoiríníte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- sonraí faoin Tasc Measúnaithe in Oideachas Reiligiúin agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba cheart na treoiríníte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim d’Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí agus le hábhar tacaíochta measúnaithe agus tuairiscithe ar líne CNCM don tsraith shóisearach.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar [https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education-\(1\)?lang=ga-ie](https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education-(1)?lang=ga-ie). Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrath nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar don Oideachas Reiligiúin, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoiríníte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le cúinsí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe agus iad a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire tabhairt faoi na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus tairbhe a bhaint as a réimsí láidre féin. I gcás an dá Mheasúnú Rangbhunaithe, spreagtar an scoláire le leas a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na gcur chuige agus an chur i láthair sna Measúnuithe Rangbhunaithe a shocrú go neamhspleách.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht an Oideachais Reiligiúin agus Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* ó CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

- na treoirlínte don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- cloí leis na socrúithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair an scoláire a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- aiseolas foirmitheach a thabhairt don scoláire ag amanna tábhachtacha chun a chinntiú go bhfanann sé ar an mbóthar ceart
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheasúnú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú

an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socrúithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Measúnuithe Rangbhunaithe in Oideachas Reiligiúin

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe san Oideachas Reiligiúin. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse ama sonraithe le linn am teagmhála ranga de réir amchláir náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) san fhéilire scoile. Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit san Oideachas Reiligiúin. Cuirfear an tráthchlár le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Oideachas Reiligiúin i dTábla 1 thíos.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Duine Tiomanta	Tuairisc aonair nó ghrúpa ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach	In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire taighde ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann, agus tuairisceoidh sé faoin duine sin.
Tóraíocht Bhrí an Duine	Tuairisc aonair nó ghrúpa ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach	In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire fianaise ealaíonta nó ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí ina ndeachaigh daoine i ngleic le creideamh reiligiúnach/sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha.

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe in Oideachas Reiligiúin

Ceaptar na Measúnaithe Rangbhunaithe chun tacú le fiosrúchán, fiosrú agus machnamh agus gníomh an scoláire.

Fiosrúchán

Baineann an ghné seo le fiosracht an scoláire a spreagadh chun é a chur ag machnamh faoi ábhar nó ceist. Trí phróiseas fiosrúcháin, téann an scoláire i ngleic le réimse ábhar spreagthach chun eolas a nochtadh maidir leis na smaointí, fíricí, íomhánna agus tuairimí a bhaineann le hábhar nó ceist.

Fiosrú

Baineann an ghné seo le mionscrúdú a dhéanamh ar ábhar nó ar cheist, ag ceistiú, ag fiosrú, ag plé, ag éisteacht, ag samhlú, ag léirmhíniú agus ag teacht ar chonclúidí, ar mhaithe le rudaí a thabhairt chun solais. Chomh maith leis sin, díritear ar phlé a spreagadh agus ar léirthuiscint a fháil ar an éagsúlacht léirmhínithe agus freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Machnamh agus gníomh

Faoin ngné seo díritear ar mhachnamh an scoláire ar a bhfuil foghlamtha aige, agus ar a thaithí féin leis an gceist, agus/nó ar a fhreagairt uirthi. Spreagtar an scoláire chun scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige d'fhonn tuiscint agus léargas níos doimhne a fháil. Spreagtar smaointe faoi 'cén fáth' agus 'conas' maidir le foghlaim chomh maith le 'céard anois?' Chomh maith leis sin cumasaítear an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina mbaineann a bhfuil foghlamtha aige lena shaol, agus/nó le saol daoine eile.

Cé go bhféadfadh sé go mbainfeadh scoláire leas as a thaithí féin, ní dhéanfar measúnú ar a dhílseacht phearsanta don chreideamh agus/nó ar a pháirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe.

Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn am ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit san Oideachas Reiligiúin. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis an bhfoghlaim a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe uirthi. I gcás Oideachas Reiligiúin, is é sin *Tóraíocht Bhrí an Duine*.

Tugtar sonraí an Tasc Mheasúnaithe sna treoirlínte seo agus tugtar achoimre orthu i dTábla 2 thíos, agus tá tuilleadh eolais ar leathanach 31 de na treoirlínte seo.

	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire	Curtha i gcrích
An Tasc Measúnaithe	Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil	Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le <i>Tóraíocht Bhrí an Duine</i> (Measúnú Rangbhunaithe 2)	Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tríú bliain

Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Measúnú Rangbhunaithe 2, Tóraíocht Bhrí an Duine

Measúnuithe Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

- Ba cheart duit ábhar le fiosrú a roghnú a bhfuil spéis i ndáiríre agat ann. Beidh an próiseas ar fad níos taitneamhaí agus níos fiúntaí dá bharr.
- Tá sé tábhachtach taifead a choinneáil ar do chuid taighde, na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo nó a cuireadh faoi agallamh, na foinsí eolais, na príomhphointí eolais agus foghlama agus do mhachnamh orthu sin ina measc. Cabhróidh seo ar fad leat agus tú ag ullmhú do thuairisce.
- Má úsáideann tú an t-idirlíon mar fhoinsé eolais, bí cinnte suíomhanna gréasáin inchreidte iontaofa a úsáid agus déan tagairtí go cruinn do na suíomhanna as a bhfuair tú eolas, grianghraif nó íomhánna.
- Ba cheart go mbeadh cur amach agat ar na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh gach Measúnaithe Rangbhunaithe, a roinnfidh do mhúinteoir leat. Is iad sin na critéir a úsáidfear chun do Mheasúnuithe Rangbhunaithe a mheasúnú.
- Déanfaidh an múinteoir monatóireacht ar an ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe agus tabharfaidh do mhúinteoir treoir agus aiseolas duit i rith an phróisis. Ach is é do chuid oibre

féin a bheidh sa Mheasúnú Rangbhunaithe. Ní ghlacfar le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú chun críocha measúnaithe.

- Féadfaidh tú oibriú ar na Measúnuithe Rangbhunaithe leat féin, le scoláire amháin eile nó le grúpa beag. Spreagtar comhoibriú i measc scoláirí. Ach má thugann tú faoin Measúnú Rangbhunaithe le scoláire eile nó mar chuid de ghrúpa, tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú nóta den mhéid a dhéanann tú sa phróiseas agus den mhéid a chuireann tú leis an obair. Díreofar sa mheasúnú ar na Measúnuithe Rangbhunaithe ar an méid a chuireann tusa go haonarach leis an obair. Caithfidh gach scoláire fianaise a thaispeáint ar an mbealach ar bhain sé na Gnéithe Cáilíochta amach.

Measúnú Rangbhunaithe 1: Duine Tiomanta

Tá an Measúnú Rangbhunaithe seo deartha chun éascú leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar dhuine ina bhfuil spéis phearsanta aige

- a léirigh tiomantas pearsanta do chreideamh reiligiúnach ar leith nó do dhearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan
- a aithnítear as tionchar dearfach a imirt ar an saol ina thimpeall/ar an domhan, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann
- a raibh tionchar díreach ag a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan ar an gcaoi nó ar an bhfáth a raibh tionchar dearfach acu ar an domhan.

Tugtar cuireadh don scoláire machnamh a dhéanamh ar an ról ar féidir le tiomantas do chreidimh (cé acu reiligiúnach nó neamhreiligiúnach) a imirt i saol duine agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ina mbíonn daoine ag maireachtáil de réir a gcreideamh.

Tá neamhspleáchas ag an scoláire agus duine tiomanta á roghnú dá staidéar. Níl aon pharaiméadair ná srianta i bhfeidhm maidir leis an áit nó am ar chónaigh an duine a roghnaítear. **Ba cheart an duine a roghnú i gcomhar leis an múinteoir, a bheidh in ann comhairle a chur ar an scoláire maidir le chomhhoiriúnach is atá an duine a roghnaíodh don taighde, i gcomhthéacs aidhm Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí. Is féidir oiriúnacht an duine a roghnaíodh a mheas ó thaobh cibé acu ar chabhraigh gníomhartha nó smaointe an duine leis an domhan ar bhealach dearfach. Tá sé tábhachtach go mbeadh an scoláire in ann fianaise a fháil chun nasc a léiriú idir creideamh nó creideamh reiligiúnach an duine nó dearcadh an duine sin ar an domhan agus a ghníomhartha.**

Sainithneoidh gach scoláire nó grúpa scoláirí **duine amháin**. Go ginearálta, féadfaidh na hábhair a roghnófar a bheith idir duine atá beo inniu agus duine a mhair san am atá caite, idir duine a bhfuil aithne mhaith air nó duine nach bhfuil an oiread sin aithne air.

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach atá sna bealaí féideartha a mholtar thíos chun duine a roghnú le fócas a dhíriú orthu don Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Beifear ag súil leis go mbeidh go leor éagsúlachta i gceist leis na daoine a roghnóidh na scoláirí le fiosrú.

Bíonn breithiúnas agus treoir **ghairmiúil an mhúinteora don scoláire tábhachtach chun cabhrú leis an scoláire daoine tiomanta a shonrú a oirfidh d’aidhmeanna an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus a bheidh ailínithe go soiléir leis na torthaí foghlama i sonraíocht an Oideachais Reiligiúin.**

Bealaí gur féidir duine tiomanta a roghnú

Duine arb eol don scoláire é ag a bhfuil saol tiomanta agus a dhéanann difear dearfach sa saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.	Bunaitheoir nó ball eagraíochta nó pobail a bhíonn tiomanta do chabhair a thabhairt do dhaoine eile.	Ceannaire reiligiúin nó ceannaire domhanda a d’imir tionchar dearfach ar an saol.	Duine le creideamh atá nasctha le ceann de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht nó a bhaineann le reiligiún mór domhanda eile.	Duine nach gceanglaíonn é féin le haon reiligiún ach a léiríonn tiomantas do dhearcadh ar an domhan agus do luachanna a d’imir tionchar dearfach ar an saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.
---	--	---	--	--

Tabhair faoi deara, sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, iarrtar ar an scoláire **taighde** a dhéanamh ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol ina thimpeall, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann, agus **tuairisciú** faoin duine sin.

Tugtar le fios le **taighde** go n-aimseofar eolas faoin duine roghnaithe; an t-eolas a shórtáil, a thaifeadadh, a anailísiú agus teacht ar chonclúidí.

Tugtar le fios le **tuairisciú** go gcuirfear cuntas scríofa, físiúil nó ó bhéal i láthair. Féadfaidh an scoláire roghnú a thuairisc a dhéanamh i leaganacha amach éagsúla – cuntas scríofa, fuaime, taibhiú nó ilmhódach - ar nós, mar shampla: aiste, blag, script le craoladh, litir, scéala iarbháis, agallamh, óráid, cur i láthair ó bhéal.

Na Torthaí Foghlama ar a bhfuil Measúnú Rangbhunaithe 1 bunaithe

Éilíonn an Measúnú Rangbhunaithe go léireodh an scoláire foghlaim le réimse torthaí foghlama. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an duine a roghnófar. Baineann na torthaí foghlama seo a leanas go príomha le Measúnú Rangbhunaithe 1: Tá *Duine Tiomanta* agus na torthaí foghlama seo a mhúineadh ríthábhachtach do rannpháirtíocht rathúil an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe.

Measúnú Rangbhunaithe: Duine Tiomanta
<p>Snáithe 2: Ceisteanna a Fhiosrú</p> <p>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</p> <p>2.8 scéalta daoine aonaracha nó grúpaí daoine a chur i láthair ó stair dhá cheann de mhóirreiligiúin an domhain</p> <p>a raibh tionchar dearfach acu ar shaol daoine mar gheall ar an tiomantas a bhí acu maireachtáil de réir a gcreideamh.</p>
<p>Snáithe 3: Ár Luachanna i mbun Gnímh</p> <p>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</p> <p>3.1 scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile.</p>

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Duine

Tiomanta

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann leis an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh



Ag ullmhú

Is faoin scoláire atá sé duine a roghnú dá thaighde, de réir na treorach a leagtar síos sna treoirlínte seo agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Is é an aidhm go rachaidh an scoláire i mbun staidéir ar dhuine a bhfuil spéis i ndáiríre aige ann agus ar féidir leis freagairt phearsanta bharántúil a spreagadh uaidh.

D'fhéadfadh an scoláire tosú ag cuimhneamh ar dhaoine agus leaganacha amach féideartha don Mheasúnú Rangbhunaithe go gairid roimh an tréimhse trí seachtaine ina dtugtar faoin obair ar an measúnú.

Má chinneann an scoláire oibriú i ngrúpaí, moltar nach mbeadh ní ba mhó ná triúr nó ceathrar scoláirí in aon ghrúpa amháin, chun a chinntiú go mbeidh obair shuntasach le déanamh ag gach ball den ghrúpa don tionscadal agus go mbeidh na scoláirí in ann oibriú le chéile go héifeachtach. Freisin, má bhíonn scoláire ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil ról agus obair gach scoláire soiléir agus suntasach ionas gur féidir leis an múinteoir an saothar a mheasúnú. I gcás go gcinneann scoláirí oibriú le chéile, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh cibé acu an gcruthóidh siad comhthuaisc. Cibé rogha a dhéanfaidh siad, tá sé tábhachtach a thuiscint go gcaithfidh gach scoláire a bheith in ann fianaise a thaispeáint chun na Gnéithe Cáilíochta don mheasúnú a chomhlíonadh agus go mbronnfar tuairisceoir aonair orthu.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ón tús ar fad, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht churaclaim Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí
- Measúnú agus tuairisciú sa tsraith shóisearach (<https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú>).
- Tá forbairt na príomhscile ó thaobh a bheith ag oibriú le daoine eile ríthábhachtach i gcomhthéacs scoláire a bheith ag tabhairt faoi obair i ngrúpaí go héifeachtach agus i ndáiríre. Is féidir modheolaíochtaí chun tacú le forbairt na scile seo a lorg ag https://www.ncca.ie/media/1147/workingwithothers_april2015.pdf

Ba cheart tabhairt faoin tionscadal in imeacht trí seachtaine laistigh de thréimhse náisiúnta a shocraíonn CNCM. Moltar go bpléifeadh an múinteoir an measúnú le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe *Duine Tiomanta* a chur i gcrích. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil. Ach caithfear an Measúnú Rangbhunaithe *Duine Tiomanta* a chur i gcrích faoi dheireadh an dara bliain.

An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Cuirfear *Duine Tiomanta* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Oibreoidh an scoláire leis an duine a roghnóidh sé i gceithre chéim gníomhaíochta:

1. Fiosrúchán faoin duine a roghnaigh sé agus ceisteanna a dhéanamh amach

Agus é ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe seo, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé leis an scoláire a fhiosrúchán tosaigh a bhunú ar cheisteanna treorach mar seo a leanas, cé nach gcaithfear cloí leo seo amháin:

- Cén fáth ar fiú fiosrúchán a dhéanamh ar an duine a roghnaigh mé?

- Céard iad na creidimh nó an dearcadh ar an domhan ar léirigh an duine tiomantas dóibh?
- Cé na bealaí ar léirigh sé/sí tiomantas do na creidimh seo nó don dearcadh seo ar an domhan?
- Conas a bhí tionchar dearfach ar an saol ag tiomantas an duine do chreidimh nó do dhearcadh ar an domhan?
- An bhfuil gné shonrach dá s(h)aol nó imeacht a léiríonn tiomantas an duine dá c(h)reidimh nó dá d(h)earcadh ar an domhan?
- Céard iad na ceisteanna a threoróidh mo chuid taighde? Céard atá mé ag iarraidh a fháil amach? Cén áit ar féidir liom fianaise a fháil?

2. An duine a roghnaigh sé **a fhiosrú**

Bíonn an scoláire i mbun fiosraithe chun teacht ar a chuid conclúidí pearsanta féin, ar mhaithe le nithe a thabhairt chun solais. Chun tosú ar an bhfiosrú seo, d'fhéadfadh an scoláire cuimhneamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén áit a n-aimseoidh mé eolas? m.sh. ríomhphoist a sheoladh, nuachtáin, suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, cuairt ar an leabharlann, teagmháil a dhéanamh le háit nó le heagraíocht a bhaineann leis an duine, srl. I gcás inar féidir, ba cheart an scoláire a spreagadh le breis is aon fhoinsé/tuairim amháin a úsáid. Tá tábhacht faoi leith leis sin nuair a úsáideann an scoláire foinsí ar líne.
- Conas is féidir liom a chinntiú go mbeidh mo chuid taighde leathan agus cothrom agus go dtarraingeoidh mé as raon tuairimí?
- An bhfuil aon duine ann ar féidir liom dul i gcomhairle leis nó agallamh a chur air faoin duine seo?
- Céard iad na creidimh nó an dearcadh ar an domhan a chuaigh i bhfeidhm ar shaol an duine seo? An féidir liom iad seo a ainmniú?
- An féidir liom fianaise a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag creidimh nó dearcadh an duine ar an domhan ar a s(h)aol? I bhfocail eile, an féidir liom nasc idir gníomhartha an duine agus a c(h)reidimh/a d(h)earcadh ar an domhan a léiriú?
- An aithnítear an duine seo as tionchar dearfach a imirt ar an saol – cibé ar leibhéal áitiúil nó níos leithne?

- 3. Machnamh agus gníomh:** Tá sé tábhachtach go spreagfar an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige trína fhiosrú, ar an mbealach a d'fhoghlaim sé é agus ar an gciall a d'fhéadfadh a bheith leis dó anois nó amach anseo.

Nuair a dhéanann sé machnamh ar a chuid foghlama tá roinnt leideanna le feiceáil thíos. Níor chóir go mbraithfeadh an scoláire go gcaithfidh sé cloí leo seo nó go gcaithfidh sé iad go léir a úsáid.

- Roghnaigh mé an duine seo mar...
- Anois, tuigim...
- Anois, tá a fhios agam...
- Tá sé seo tábhachtach dom mar...
- Chuir sé ag smaoineamh mé faoi...
- Anois, táim fiosrach faoi...
- Táim ag iarraidh a fháil amach...
- Bhí sé spéisiúil dom an taighde seo a dhéanamh mar...
- Beidh tionchar ag na rudaí a d'fhoghlaim mé óna bheith ag déanamh staidéir ar an duine a roghnaigh mé ar mo shaol féin, mar shampla...

4. Tuairisciú ar Dhuine Tiomanta:

Féadfaidh an scoláire roghnú a thuairisc a dhéanamh i leaganacha amach éagsúla – cuntas scríofa, fuaime, taibhiú nó ilmhódach - ar nós, mar shampla: aiste, leabhar gearrthóg, blog, script le craoladh, litir, scéala iarbháis, óráid, cur i láthair ó bhéal, agallamh srl. Is féidir leis an scoláire obair a dhéanamh ina aonar agus tuairisciú ina aonar. Má oibríonn sé le scoláire eile nó i ngrúpaí beaga is féidir leis roghnú ansin tuairisc a dhéanamh ina aonar nó mar ghrúpa, agus é á choinneáil ar aigne go measúnófar gach scoláire dá chuid oibre aonair féin de réir na nGnéithe Cáilíochta.

I gcás go roghnóidh an scoláire a thuairisc a chur i láthair ó bhéal, bíonn sé úsáideach a rá leis gur chóir go mairfeadh an tuairisc thart ar trí nóiméad. I gcás go mbeidh scoláirí ag tuairisciú ó bhéal mar ghrúpa beag, ba cheart go mbeadh an píosa ó gach scoláire fada go leor go mbeidh obair shuntasach le déanamh ag gach ball ar na 3 ghné cháilíochta, cé nach gá go gcaithfidh grúpaí triúir tuairisc ó bhéal a mhairfidh 9 nóiméad a chruthú.

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe ann: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht leis na hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirí seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfead lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh an fhianaise ar an

obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile. Anuas air sin, tá sé tábhachtach go gcuimhneofar go ndéanfar obair an scoláire a mheas trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta amháin, seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile nó ar éirigh leis an scoláire féin roimhe seo ná ar a obair eile go dtí seo.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar curaclam ar líne le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeán agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Na Gnéithe Cáilíochta: Duine Tiomanta

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair na scoláirí a mheasúnú.

Na Gnéithe Cáilíochta: Oideachas Reiligiúin – Duine Tiomanta	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Na Gnéithe Cáilíochta</p> <p>Tá sárthaighde le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe.</p> <p>Tugtar cuntas iontach inchreidte agus fócasaithe sa tuairisc faoin mbealach a d’imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a t(h)iomantas don chreideamh reiligiúnach, a luachanna pearsanta nó a d(h)earcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin.</p> <p>Tá fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta géarchúiseach ar an bhfoghlaim chomh maith le feasacht ar a gciallaíonn sé don scoláire.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Tá taighde an-mhaith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe.</p> <p>Tugtar cuntas iontach inchreidte agus fócasaithe sa tuairisc faoin mbealach a d’imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a t(h)iomantas don chreideamh reiligiúnach, a luachanna pearsanta nó a d(h)earcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin.</p> <p>Tá fianaise mhaith le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá taighde maith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe.</p> <p>Tugtar cuntas réasúnta soiléir agus comhtháite sa tuairisc faoin mbealach a d’imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a t(h)iomantas don chreideamh reiligiúnach, a luachanna pearsanta nó a d(h)earcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin.</p> <p>Tá roinnt fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire, cé go bhfuil sé réasúnta teoranta.</p>

<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Tá sé le feiceáil sa tuairisc nach ndearnadh ach méid teoranta taighde maidir le scóip na tuairisce agus na scileanna fiosrúcháin atá léirithe.</p> <p>Aithnítear duine tiomanta sa tuairisc ach ní thugtar mórán fianaise ar an mbealach ar imir an duine tionchar dearfach ar an saol agus níl aon fhianaise ar an mbealach a ndeachaigh a c(h)reideamh reiligiúnach, a luachanna pearsanta nó a d(h)earcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin.</p> <p>Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire.</p>
---	--

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na chéad chéimeanna eile

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeán na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Mheasúnuithe Rangbhunaithe de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh na gceithre thuairisceoir, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaimne nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, amhail táibléad, fón póca, ríomhaire glúine nó físcéamara, a úsáid chun na críche sin. Ba cheart fearas scoile seachas fearas pearsanta a úsáid. Ba cheart aird a thabhairt ar threoirilínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha agus RGCS na scoile. (Ní bhaineann sé seo ach le cásanna ina dtaifeadfar na scoláirí)

Nuair a bhíonn múinteoir aonair Oideachas Reiligiúin i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin. Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann in Aguisín D agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Tóraíocht bhrí an duine

Ceapadh an Measúnú Rangbhunaithe seo le tacú leis an scoláire fianaise ealaíonta, ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí a ndeachaigh daoine sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha. Tá sé d'aidhm leis a fhiosracht agus a thuiscint a fhorbairt faoin iliomad bealaí a bhfuil an tóir ar bhrí curtha in iúl ag daoine – tóraíocht a sháraíonn teorainneacha cultúir agus aoise.

Mar dhaoine, bímid ar fad sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha agus tá roinnt ceisteanna comónta a bhíonn mar bhonn is mar thaca leis an tóraíocht seo ar nós: céard é cuspóir na beatha? cén fáth a bhfuilim anseo? céard a chothaíonn an sonas? an féidir le saol duine amháin difear a dhéanamh? céard a tharlóidh nuair a fhaighimid bás? an bhfuil Dia/déithe/Réaltacht Dhiaga ann? Is ceisteanna comónta na ceisteanna seo (bíonn siad ag gach duine); is croícheisteanna iad (cabhraíonn siad linn le tuiscint a fháil orainn féin agus ar an domhan); agus is ceisteanna conspóideacha iad (d'fhéadfaí iad a thuiscint ar bhealaí difriúla agus contrátha uaireanta). Tá sé tábhachtach go ndéanann an Measúnú Rangbhunaithe seo fiosrú ar cheann amháin ar a laghad de na ceisteanna seo agus leas á bhaint as fianaise ealaíonta, ailtireachta nó seandálaíochta.

Chun críche an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, tuigimid go dtagraíonn an téarma **'fianaise ealaíonta'** do shaothar arna dhéanamh ag ealaíontóir¹, ceardaí nó ceoltóir. Tagraíonn an téarma **'fianaise ailtireachta'** d'fhoirgnimh agus do struchtúir fhisiciúla. Tagraíonn an téarma **'fianaise sheandálaíochta'** d'iarsmaí saolta de bheatha an duine san am atá caite (amhail leachtanna cuimhneacháin, déantúsáin agus iarsmaí fhisiciúla eile).

Féadfaidh an scoláire fianaise ealaíonta **nó** ailtireachta **nó** sheandálaíochta a roghnú agus b'fhéidir gur mhian leis rud éigin níos gaire do bhaile a fhiosrú nó teicneolaíocht a úsáid nó dul ar thuras allamuigh chun rud éigin níos faide ar shiúl a fhiosrú.

Tá neamhspleáchas ag an scoláire chun fianaise a roghnú dá Mheasúnacht Rangbhunaithe. Níl aon pharaiméadair ná srianta i bhfeidhm maidir le háit nó am. **Ba cheart an fócas don fhiosrú a aontú i gcomhar leis an múinteoir** agus ba cheart moladh don scoláire gan díreach eolas a íoslódáil agus a chur i láthair. Ina áit sin, ba cheart an scoláire a spreagadh leis na naisc idir an t-ábhar a roghnaigh sé agus tóraíocht bhrí agus cuspóir an duine a fhiosrú agus a léiriú, agus é á choinneáil in aigne go dtagraíonn tóraíocht bhrí an duine sa saol d'íarrachtaí chun ciall shaol iomlán an duine a thuiscint, seachas le hiarrachtaí chun brí imeachta áirithe a thuiscint.

¹ Chun críocha an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, d'fhéadfaidh litríocht agus scannáin a bheith i gceist le fianaise ealaíonta.

Tá an reiligiún ar cheann de na hacmhainní is mó a úsáidtear chun brí agus cuspóir a bhaint as an saol. Ba cheart don scoláire feasacht faoi seo a léiriú agus nuair is cuí, a bheith in ann tuiscint a léiriú ar an mbealach a chuir córais creideamh reiligiúnach ar chumas daoine brí na beatha a chur le chéile. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag tionchair shóisialta agus thuata a thugann brí don bheatha, ag brath ar an réimse staidéir.

Bealaí ar féidir ábhar le fiosrú a roghnú

I gcomhar leis an múinteoir, tá neamhspleáchas ag an scoláire chun réimse le fiosrú a roghnú. **Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach atá sna bealaí féideartha a mholtar thíos chun dul i ngleic le *tóraíocht bhrí an duine*.** Beifear ag súil leis go mbeidh go leor éagsúlachta i gceist leis na hábhair a roghnóidh na scoláirí a fhiosrú.

Ealaín	Ailtireacht	Seandálaíocht
Pictiúr péinteáilte/sraith	Reilig	Teampaill ársa
pictiúr péinteáilte	Leaca uaigne	Abhainn naofa
Dealbh nó píosa	Mosc	Tuama adhlactha
dealbhóireachta	Teampall	Cosán oilithrigh
Saothar ceoil nó amhrán	Scrín	Tobar beannaithe
Scannán	Séipéal nó Ardeaglais	
Píosa litríochta	Leac chuimhneacháin nó séadchomhartha	

Na Torthaí Foghlama ar a bhfuil Measúnú Rangbhunaithe 2 bunaithe

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar. Tá na Torthaí Foghlama a bhféadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint leo do *Tóraíocht bhrí an duine* leagtha amach thíos. Tá sé ríthábhachtach na torthaí foghlama seo a mhúineadh ar mhaithe le rannpháirtíocht rathúil an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

Measúnú Rangbhunaithe: Tóraíocht Bhrí an Duine

Snáithe 1: Creidimh a chur in iúl

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.5 fiosrú a dhéanamh ar théamaí reiligiúnacha i gcultúr na linne seo san ealaín, i gceol, i litríocht nó i scannáin

Snáithe 2: Ceisteanna a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 2.1 taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol.
- 2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina ndeachaigh mór-reiligiún domhanda amháin agus dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan i ngleic leis na ceisteanna móra faoin saol, amhail, cén fáth go bhfuilimid anseo? Conas ba cheart dúinn maireachtáil? Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: Tóraíocht bhrí an duine

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann leis an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh



Ullmhúchán

Moltar go dtosóidh an scoláire ar chuimhneamh ar fhócas dá staidéar go gairid sula dtosaíonn tréimhse trí seachtaine na hoibre ar an measúnú agus spreagtar é le fócas a roghnú ina bhfuil spéis i ndáiríre aige.

Is faoin scoláire atá sé fócas a roghnú dá fhiosrúchán, de réir na teorach a leagtar síos sna treoirínte seo agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Má chinneann an scoláire oibriú i ngrúpaí, moltar i gcoitinne nach mbeadh ní ba mhó ná triúr nó ceathrar in aon ghrúpa amháin, chun a chinntiú go mbeidh na scoláirí ar fad in ann oibriú le chéile go héifeachtach agus obair shuntasach a dhéanamh. Freisin, má bhíonn scoláire ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil ról agus obair gach scoláire soiléir agus suntasach ionas gur féidir leis an múinteoir an saothar a mheasúnú. Cé go mb'fhéidir go gcinnfidh scoláirí oibriú le chéile agus comh-chur i láthair a chruthú, caithfidh gach scoláire a bheith in ann fianaise a thaispeáint gur chomhlíon sé na Gnéithe Cáilíochta agus bronnfar tuairisceoir aonair ar gach scoláire. Is é fianaise na foghlama gach scoláire aonair fócas an mheasúnaithe i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Ón tús ar fad, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

Ba cheart tabhairt faoin tionscadal in imeacht trí seachtaine laistigh, de thréimhse a shocraíonn CNCM. Moltar go bpléifeadh an múinteoir an measúnú le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé/sí aon teagasc agus

athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir.

Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh na múinteoirí

agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe *Tóraíocht bhrí an duine* a chur i gcrích. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil.

An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Cuirfear *Tóraíocht bhrí an duine* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Cuirfidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe seo i gcrích de réir mar a ghluaiseann sé trí cheithre chéim ghníomhaíochta:

1. Fiosrúchán faoin réimse a roghnaigh sé

Agus scoláire ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe seo, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé leis a fhiosrú tosaigh a bhunú ar roinnt ceisteanna teorach ar nós, mar shampla:

- Cén réimse spéise is mó atá agam – ealaín, ailtireacht nó seandálaíocht?
- Cén ghné de thóraíocht bhrí an duine is mó a bhfuil spéis agam ann? An bhfuil aon 'cheist mhór' ar leith ann ba mhaith liom a fhiosrú? Céard í féin?
- Conas is féidir liom an dá cheann a cheangal le chéile?

2. Fianaise a fhiosrú

Tar éis don scoláire réimse le fhiosrú a shonrú, d'fhéadfadh sé cuimhneamh ar na nithe seo a leanas:

- Conas/cá háit a n-aimseoidh mé eolas? m.sh. suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, cuairt ar an leabharlann nó ar iarsmalann, turas allamuigh, srl. I gcás inar féidir, ba cheart an scoláire a spreagadh le breis is aon fhoinsé amháin a úsáid. Tá tábhacht faoi leith leis sin nuair a úsáideann an scoláire foinsí ar líne.
- Conas a choinneoidh mé taifead ar eolas agus smaointe a bhaileoidh mé?

D'fhéadfaí modheolaíochtaí éagsúla a úsáid, ar nós, mar shampla:

- Suíomh gréasáin nó foinsí eolais leictreonacha eile
- Agallamh
- Cuairt a thabhairt ar láithreán, séadchomhartha, foirgneamh, tuama, dánlann, iarsmalann, cé acu go fisiciúil nó go fíorúil.

3. Machnamh agus gníomh: Tá sé tábhachtach go spreagfar an scoláire chun cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha aige trína fhiosrú agus go mbeadh a chuid conclúidí pearsanta féin aige ar a gciallaíonn sé dó. **Is í an phríomhcheist a chaithfidh an scoláire a fhreagairt ná: *I ndiaidh dom an tionscadal seo a dhéanamh, is iad na conclúidí pearsanta a bhain mé as ná...***

Chun tacú leis an scoláire agus é ag machnamh ar a chuid foghlama, tá roinnt leideanna úsáideacha eile le feiceáil thíos. Níor chóir go mbraithfeadh an scoláire go gcaithfidh sé cloí leo seo nó go gcaithfidh sé iad go léir a úsáid.

- Roghnaigh mé an cheist seo mar...
- Tá sé seo tábhachtach dom mar...
- Chuir sé ag smaoineamh mé faoi...
- Bhí sé spéisiúil dom an taighde seo a dhéanamh mar...
- Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé óna bheith ag fiosrú na ceiste seo ná...
- Anois, táim fiosrach faoi...

3. Tuairisc faoi Thóraíocht Bhrí an Duine:

Féadfaidh an scoláire roghnú a thuairisc a dhéanamh i leaganacha amach éagsúla – cuntas scríofa, fuaimne nó ilmhódach - ar nós, mar shampla: aiste, póstaer, PPT, cur i láthair fuaimne nó físeáin, srl. Má oibríonn an scoláire le scoláire eile nó i ngrúpaí beaga, is féidir leis roghnú tuairisc a dhéanamh ina aonar nó mar ghrúpa, agus é á choinneáil ar aigne go **measúnófar gach scoláire dá chuid oibre**

aonair féin de réir na nGnéithe Cáilíochta. I gcás go roghnóidh an scoláire a thuairisc a chur i láthair ó bhéal, bíonn sé úsáideach a rá leis gur chóir go mairfeadh an tuairisc thart ar trí nóiméad. I gcás go mbeidh scoláirí ag tuairisciú ó bhéal mar ghrúpa beag, ba cheart go mbeadh an píosa ó gach scoláire fada go leor go mbeidh obair shuntasach le déanamh ag gach ball, cé nach gá go gcaithfidh grúpaí triúir tuairisc ó bhéal a mhairfidh 9 nóiméad a chruthú.

Na Gnéithe Cáilíochta: Tóraíocht bhrí an duine

Na Gnéithe Cáilíochta: Oideachas Reiligiúin – Tóraíocht bhrí an duine	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Na Gnéithe Cáilíochta</p> <p>Tá sárthaighde le feiceáil sa tuairisc chomh maith le tuiscint shoiléir ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe.</p> <p>Tá an tuairisc iontach láidir agus cuimsitheach ó thaobh mar a thaispeántar conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil.</p> <p>Tá freagairt phearsanta ghéarchúiseach sa tuairisc lena dtaispeántar go ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ábhar agus gur tháinig sé ar a chonclúidí measta féin.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint an-mhaith le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe.</p> <p>Taispeántar go han-soiléir sa tuairisc conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil.</p> <p>Tá freagairt phearsanta bharántúil sa tuairisc lena dtaispeántar go ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ábhar agus gur tháinig sé ar a chonclúidí measta féin.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint réasúnta maith le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe</p> <p>Taispeántar go réasúnta soiléir sa tuairisc conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil.</p> <p>Tá roinnt freagartha pearsanta sa tuairisc, cé gur freagairt réasúnta teoranta atá ann, lena dtaispeántar go bhfuil roinnt iarrachta déanta ag an scoláire chun teacht ar a chonclúid mheasta féin.</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint teoranta le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe.</p>

<p>iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Taispeántar nasc teoranta nó ní thaispeántar nasc ach go beag idir an t-ábhar a fiosraíodh agus ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil.</p> <p>Tá beagán fianaise nó níl aon fhianaise ar fhreagairt phearsanta sa tuairisc ná fianaise gur tháinig an scoláire ar a chonclúidí measta féin.</p>
--	--

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

An Tasc Measúnaithe

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe don Oideachas Reiligiúin i ndiaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: *Tóraíocht Bhrí an Duine*.

Iarrtar leis an Tasc Measúnaithe ar an scoláire léargas a scríobh ar a bhfuil foghlamtha sa dara Measúnú Rangbhunaithe.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- eolas nó tuiscint nua a tháinig chun cinn le linn a thaithí dó an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh agus cad a chiallaíonn sin dó
- na scileanna, na tuiscintí agus na luachanna a d'fhorbair sé
- na creidimh agus na tuiscintí a tháinig chun cinn le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe agus an fhreagairt phearsanta a bhí aige air seo.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit san Oideachas Reiligiúin. Is fiú 10% é de na marcanna a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh ar an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh ar an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh san Oideachas Reiligiúin.

Tá roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse a roghnú chun é a chur i gcrích, laistigh de thréimhse a shaineoidh CNCM ina gcaithfidh an scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe. Úsáidtear an chéad thréimhse ranga chun ullmhúchán a dhéanamh. Úsáidtear an dara thréimhse ranga chun a fhreagairt a scríobh. Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán pro-forma a chuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil, agus cuireann an scoil na leabhráin chomhlánaithe le haghaidh an Taisc Mheasúnaithe ar aghaidh de réir na socrúithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba cheart don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don thréimhse sceidealaithe.

Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi tuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d’Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

Aiseolas a úsáid

Céim rithábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: *Tóraíocht bhrí an duine* a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Achomharc a dhéanamh maidir le toradh nó toradh a cheistiú

Déanfar achomhairc scoláire maidir leis an ngrád a bronnadh sa scrúdú stáit, an Tasc Measúnaithe san áireamh, a phróiseáil de réir na socruithe achomhairc reatha. Is í an scoil a phléifidh le ceisteanna faoi gach gné eile de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Aguisín A

Measúnú Rangbhunaithe 1: Duine Tiomanta

Seicliosta don Scoláire

An ndearna mé na rudaí seo a leanas?:

- duine a roghnú a bhfuil creidimh reiligiúnacha láidre, luachanna láidre nó dearcadh láidir ar an domhan aige
- a c(h)reidimh, a luachanna nó a d(h)earcadh ar an domhan atá tábhachtach dó/di a ainmniú
- an bhaint atá idir creidimh reiligiúnacha an duine seo nó a d(h)earcadh ar an domhan agus a g(h)níomhartha a léiriú (i bhfocail eile, ar mhínigh mé an chaoi ar mhair sé/sí lena c(h)reideamh)
- samplaí nithiúla a thabhairt d'imeachtaí tábhachta nó de dhaoine a raibh tionchar acu ar a luachanna/c(h)reidimh/d(h)earcadh ar an domhan
- an chaoi ar chabhraigh an duine leis an domhan ar bhealach dearfach a léiriú
- machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim mé agus mé ag déanamh an tionscadail seo
- mo smaointe pearsanta a thabhairt ar an méid a d'fhoghlaim mé agus ar a gciallaíonn sé dom
- leagan amach oiriúnach a roghnú chun mo thionscadal a chur i láthair (gan dearmad gur tábhachtaí na pointí thuas a chur i láthair go soiléir agus go gonta ná a lán íomhánna físiúla)
- chinntigh mé gur bhreac mé síos foinsí aon íomhánna/fiseán/taighde a thóg mé ón idirlíon
- labhair mé le mo mhúinteoir ar na gnéithe cáilíochta
- ghlac mé leis an aiseolas a fuair mé ó mo mhúinteoir chun a chinntiú go bhfuil mo chuid oibre ag teacht leis na gnéithe cáilíochta

Aguisín B:

Duine Tiomanta: Teimpléad don scoláire le líonadh isteach ar bhonn indibhidiúil má chuir sé tionscadal grúpa i gcrích

Ainm an scoláire:	Baill eile an ghrúpa:	
An duine a roghnaíodh:		
1. An rud faoi leith a rinne mé a chuir leis an tionscadal		
Céard a rinne mé? (Tascanna sonracha)		
2. Machnamh pearsanta		
Céard a d'fhoghlaim mé?	Is iad na conclúidí pearsanta atá agam ná...	
<u>Scoláire</u>	<u>Múinteoir</u>	<u>Dáta</u>

Aguisín C:

Measúnú Rangbhunaithe 2: Tóraíocht Bhrí an Duine

Seicliosta don Scoláire

An ndearna mé na rudaí seo a leanas?:

- tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le tóraíocht bhrí an duine
- cuimhneamh ar bhealaí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha chun ceisteanna móra an tsaoil a fhreagairt agus tuiscint a léiriú orthu
- díriú isteach ar ‘cheist mhór’ atá ina cuid de thóraíocht bhrí an duine
- cuimhneamh ar an gcaoi ar féidir an cheist seo a fhreagairt ar bhealaí difriúla
- míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndearnadh fiosrú ar an gceist mhór seo agus úsáid á baint as fianaise ón ealaín, ón ailtireacht nó ón tseandálaíocht.
- machnamh a dhéanamh ar an méid a d’fhoghlaim mé agus mé ag déanamh an tionscadail seo
- mo smaointe pearsanta a thabhairt agus roinnt conclúidí a bhaint as an méid a d’fhoghlaim mé
- leagan amach oiriúnach a roghnú chun mo thuairisc a chur i láthair (gan dearmad nár fiú a lán íomhánna físiúla a chur isteach má bhaineann siad de luach mo chuid foghlama agus mo chuid tuisceana a léiriú ar an ábhar)
- chinntigh mé gur bhreac mé síos foinsí aon íomhánna/fiseán/taighde a thóg mé ón idirlíon
- labhair mé le mo mhúinteoir ar na gnéithe cáilíochta
- ghlac mé leis an aiseolas a fuair mé ó mo mhúinteoir chun a chinntiú go bhfuil mo chuid oibre ag teacht leis na gnéithe cáilíochta

Aguisín D

Tóraíocht Bhrí an Duine: Teimpléad don scoláire le líonadh isteach ar bhonn indibhidiúil má chuir sé tionscadal grúpa i gcrích

Ainm an scoláire:	Baill eile an ghrúpa:	
Fócas dár Measúnú Rangbhunaithe		
1. An rud faoi leith a rinne mé a chuir leis an tionscadal		
Céard a rinne mé? (Tascanna sonracha)		
2. Machnamh pearsanta		
Céard a d'fhoghlaim mé?	Cén fáth a raibh sé seo spéisiúil dom?	
<u>Scoláire</u>	<u>Múinteoir</u>	<u>Dáta</u>

Aguisín E Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú
 Ábhair Tuairisc an Éascaitheora

Ábhar:	Dáta/am:
Daoine i láthair	
Na príomhchinntí a rinneadh	
Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo	
Aon cheo eile?	
<p>Éascaitheoir</p> <p>Dáta</p>	

Aguisín F: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid gnóthachtála ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrath le hábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad

- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrath.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d’obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a thagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann ‘ar an iomlán’ leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (feic Aguisín D) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a theastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d’úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d’obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín D). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba cheart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d’obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d’obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba cheart don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann ‘ar an iomlán’ don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur cheart am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba cheart don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.

- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Díritear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoirí, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taise samplaí

- chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- le húsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

